AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.12.2024
COM(2024) 594 final

2024/0329 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena ndéantar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia maidir le heisiúint víosaí a éascú a chur ar fionraí go páirteach**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an tSeoirsia maidir le heisiúint víosaí a éascú, ('an Comhaontú um Éascú')[1], tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2011. Is é is cuspóir don Chomhaontú um Éascú eisiúint víosaí chuig saoránaigh an Aontais agus na Seoirsia a éascú, ar bhonn na cómhalartachta, i gcás tréimhse fanachta atá beartaithe le haghaidh tréimhse nach faide ná 90 lá i rith aon tréimhse 180 lá. Leagtar béim sa bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú um Éascú ar an mian teagmháil duine le duine a éascú mar choinníoll tábhachtach chun naisc eacnamaíocha, dhaonnúla, chultúrtha, eolaíochta agus eile idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia a fhorbairt go seasta.

Faoi Airteagal 14(5) den Chomhaontú, sonraítear an méid seo: 'Féadfaidh gach Páirtí an Comhaontú a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach ar chúiseanna a bhaineann leis an ord poiblí, le cosaint na slándála náisiúnta nó le cosaint na sláinte poiblí. 48 n-uair ar a dhéanaí tar éis a theacht i bhfeidhm is ea a thabharfar fógra don Pháirtí eile maidir leis an bhfionraí. An Páirtí a chuir an Comhaontú seo ar fionraí, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas láithreach a thúisce a bheidh deireadh feidhme le cúiseanna na bhfionraí.'

Athdhearbhaíodh sa bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú um Éascú freisin an rún córas taistil gan víosa a bhunú le haghaidh shaoránaigh na Seoirsia agus an Aontais mar sprioc fhadtéarmach, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile maidir le soghluaisteacht dhea-bhainistithe agus shlán. Ar an mbonn sin, seoladh an t-idirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí idir an tAontas Eorpach agus An tSeoirsia i mí an Mheithimh 2012. I mí Feabhra 2013, chuir an Coimisiún Eorpach plean gníomhaíochta um léirscaoileadh víosaí faoi bhráid rialtas na Seoirsia. Bunaíodh struchtúr an phlean gníomhaíochta um léirscaoileadh víosaí ar cheithre 'bhloc': slándáil doiciméad, lena n-áirítear bithmhéadracht (bloc I), imirce agus bainistiú comhtháite teorainneacha, lena n-áirítear tearmann (bloc II), ord poiblí agus slándáil (bloc III) agus caidreamh eachtrach agus cearta bunúsacha (bloc IV). Sa PGLV tá sraith de thagarmharcanna beachta leagtha amach do gach ceann de na ceithre 'bhloc' sin de shaincheisteanna teicniúla ábhartha arb é is aidhm leo creat reachtach, creat beartais agus creat institiúideach a ghlacadh (céim 1) agus cur chun feidhme éifeachtach inbhuanaithe an chreata sin a áirithiú (céim 2).

Tar éis sheoladh an Idirphlé maidir le Léirscaoileadh Víosaí idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia, ghlac an Coimisiún ceithre thuarascáil[2] chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an tSeoirsia maidir leis na tagarmharcanna a leagadh síos faoi na ceithre bhloc den chéad céim agus den dara céim den phlean gníomhaíochta um léirscaoileadh víosaí . Sa cheathrú tuarascáil uaidh, an ceann deiridh, arna ghlacadh an 18 Nollaig 2015, mheas an Coimisiúin go raibh an dul chun cinn ba ghá déanta ag an tSeoirsia agus go raibh na hathchóirithe riachtanacha ar fad curtha i gcrích aici chun a áirithiú go mbainfí amach, ar bhealach éifeachtach inbhuanaithe, na tagarmharcanna a bhí fágtha. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, thíolaic an Coimisiún, an 9 Márta 2016, togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 a leasú chun díolúine víosa a dheonú do náisiúnaigh na Seoirsia. Glacadh an togra agus le Rialachán (AE) 2017/372 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

[1] IO L 52, 25.2.2011, lch. 34.
[2] COM(2013) 808 final, COM(2014) 681 final, COM(2015) 199 final, COM(2015) 684 final.

gComhairle an 1 Márta 2017[3] aistríodh an tSeoirsia ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001[4] go hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, rud a fhágann go ndeonáitear díolúine ón gceanglas víosa a bheith ina seilbh ag náisiúnaigh uile na Seoirsia ar sealbhóirí pasanna bithmhéadracha iad arna n-eisiúint i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus teorainneacha seachtracha na mBallstát á dtrasnú ag na náisiúnaigh sin i gcás fanachtaí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.

De bhun Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018[5], a tháinig in ionad Rialachán (CE) Uimh. 539/2001, rinne an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas maidir le léirscaoileadh víosaí ag an tSeoirsia agus chuir sé an measúnú agus na moltaí ábhartha i láthair ina Thuarascáil bhliantúil faoin Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí.

Mar a leagtar amach sa 7ú Tuarascáil ón gCoimisiún faoin Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí[6], in 2024 ghlac an tSeoirsia reachtaíocht agus baintear an bonn de chearta an duine agus de shaoirsí bunúsacha lena cur chun feidhme. Baineann sé sin leis an 'Dlí maidir le trédhearcacht an tionchair eachtraigh' a glacadh i mí na Bealtaine 2024, agus leis an bpacáiste reachtach maidir le 'luachanna teaghlaigh agus cosaint mionaoiseach' a glacadh i mí Mheán Fómhair 2024. Glacadh an 'Dlí maidir le trédhearcacht an tionchair eachtraigh' d'ainneoin tuairim chriticiúil ó Choimisiún na Veinéise[7] agus na n-iarrataí a rinne an tAontas arís agus arís eile an dlí a aisghairm. Déanann an dlí dochar don tsaoirse comhlachais agus don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, don cheart chun príobháideachais, don cheart chun páirt a ghlacadh i ngnóthaí poiblí chomh maith leis an toirmeasc ar idirdhealú. Le ceanglais tuairiscithe anásta agus cumhachtaí fairsinge a thugtar don Aireacht Dlí agus Cirt maidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na meán a rialú, méadaítear an baol maidir le cur i bhfeidhm roghnaíoch agus treallach.

Chuir an Chomhairle Eorpach i dtábhacht sna conclúidí uaithi an 27 Meitheamh 2024 gurb ionann an dlí agus cúlú ar thrí cinn ar a laghad de na naoi gcéim a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún maidir le stádas mar iarrthóir, is é sin cúlú maidir le bréagaisnéis, polarú, cearta bunúsacha agus rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tháinig an Chomhairle Eorpach ar an gconclúid gur chuir gníomh údaráis na Seoirsia conair na Seoirsia chuig an Aontas i mbaol, rud a chuir stop *de facto* leis an bpróiseas aontachais.

Glacadh an 'Dlí maidir le luachanna teaghlaigh agus cosaint mionaoiseach' agus 18 leasú ar dhlíthe atá ann cheana, gan comhairliúcháin phoiblí roimh ré ná anailís chríochnúil ar

---

[3] Rialachán (AE) 2017/372 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 01 Márta 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) 539/2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (an tSeoirsia), IO L 61, 8.3.2017, lgh. 7-8.

[4] Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle an 15 Márta 2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, IO L 81, 21.3.2001, lgh. 1-7.

[5] Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (códú), (IO L 303, 28.11.2018, lch. 39.

[6] COM/2024/571 final.

[7] Tuairim phráinneach i ndáil leis an Dlí maidir le Trédhearcacht an tionchair eachtraigh arna eisiúint ag Coimisiún na Veinéise an 21 Bealtaine 2024.

chomhlíonadh caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta. Leis an bpacáiste reachtach sin, a síníodh ina dhlí an 3 Deireadh Fómhair, déantar dochar do chearta bunúsacha mhuintir na Seoirsia agus méadaítear an stiogmatú agus an t-idirdhealú. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí reachtacha agus ar leitheadúlacht leanúnach na fuathchainte homafóbaí, tá naimhdeas agus stiogmatú méadaithe os comhair daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, idirghnéasacha agus *queer* (daoine LADTIA) sa tSeoirsia.

Glacadh plean gníomhaíochta 2024-2026 na Seoirsia maidir le cur chun feidhme na straitéise um chearta an duine tar éis próiseas comhairliúcháin teoranta agus ní chuimsítear ann forálacha maidir le daoine LADTIA agus cosaint an phríobháideachais. Tugann an plean gníomhaíochta aghaidh go páirteach ar shaoirse reiligiúin agus creidimh. Ní mór aghaidh a thabhairt fós ar bhearnaí suntasacha sa chreat straitéiseach a mhéid a bhaineann le cearta mionlaigh a chosaint, lena n-áirítear ionadaíocht do mhionlaigh. Níl tús curtha le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta go fóill, agus níl na módúlachtaí maidir le faireachán ar chur chun feidhme sainithe go soiléir.

Athdhearbhaíodh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 Deireadh Fómhair 2024 gur cuireadh deireadh le próiseas aontachais na Seoirsia agus iarradh ar údaráis na Seoirsia athchóirithe daonlathacha cuimsitheacha inbhuanaithe a ghlacadh, i gcomhréir le croíphrionsabail an lánpháirtithe Eorpaigh.

I gconclúidí Theachtaireacht 2024 maidir le Beartas an Aontais um Méadú[8] a eisíodh an 30 Deireadh Fómhair 2024, mheas an Coimisiún Eorpach go raibh dul chun cinn na Seoirsia maidir le cur chun feidhme na naoi gcéim a leagtar síos i dTeachtaireacht 2023 maidir le Méadú neamhshuntasach, agus go raibh rudaí imithe in olcas i ndáil leis na breithiúna agus i ndáil le cearta bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

Tar éis an fhógra an 28 Samhain maidir le rún údaráis na Seoirsia gan tús a chur le caibidlíocht leis an Aontas go dtí 2028 (an chéad bhliain eile ina mbeidh toghcháin pharlaiminteacha), agus diúltú d’aon deontas buiséadach go dtí sin, bhris ollagóidí amach in go leor cathracha sa tSeoirsia. I dtuarascálacha iomadúla, lena n-áirítear tuarascálacha Chosantóir Poiblí na Seoirsia, tagraítear don úsáid d'aon ghnó a bhaineann na húdaráis as forneart díréireach agus modhanna foréigneacha, chomh maith le gabhálacha treallacha a d’fhéadfadh a bheith ina ngníomhartha céastóireachta agus ina gcineálacha eile drochíde. Tuairiscíodh go ndeachaigh na húdaráis i muinín foréigean tromchúiseach, gabhálacha treallacha agus drochíde a thabhairt d’agóideoirí, do pholaiteoirí agus d’iriseoirí chun srian a chur leis na hagóidí. Go dtí seo, níl aon phóilín ná aon bhall de ghrúpaí foréigneacha neamhfhoirmiúla tugtha chun cuntais as a gcuid gníomhartha.

Cáineadh an cos ar bolg a rinneadh ar agóidí síochánta le ráiteas ón Ardionadaí/Leas-Uachtarán agus ón gCoimisinéir um Méadú an 1 Nollaig 2024. D’iarr Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus Comhairle na hEorpa ar údaráis na Seoirsia caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a urramú freisin. Ina ráitis, mheabhraigh siad na hoibleagáidí atá ar na Stáit timpeallacht chumasúcháin a chur chun cinn chun an ceart chun comhthionóil shíochánta a fheidhmiú gan idirdhealú agus nach mór d’aon úsáid fornirt ag pearsanra slándála leanúint de bheith ina heisceacht agus prionsabail na dlíthiúlachta, an riachtanais, na comhréireachta, an réamhchúraim agus an neamh-idirdhealaithe a chomhlíonadh.

[8] COM(2024) 690 final.

Dá bhrí sin, tá na gníomhaíochtaí a rinne údaráis na Seoirsia ag teacht salach ar luachanna an Aontais agus baineann siad an bonn den dea-chaidreamh idir an tAontas agus an tSeoirsia.

Sa $7^{ú}$ Tuarascáil ón gCoimisiún faoin Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí, leagadh béim ar na bearta atá le déanamh go práinneach ag an tSeoirsia chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní an Choimisiúin agus tugadh faoi deara go bhfuil machnamh leanúnach á dhéanamh ar ghníomhachtú féideartha an tsásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí i ndáil le catagóirí áirithe daoine.

Chun ord poiblí na mBallstát agus an Aontais a chosaint, is iomchuí agus is comhréireach go gceanglóidh na Ballstáit víosa ar shaoránaigh na Seoirsia a bhfuil pasanna taidhleoireachta bailí acu agus a thaistealaíonn chuig an Aontas Eorpach, ós rud é go ndéanann na daoine sin ionadaíocht ar leasanna atá contrártha leis na leasanna sin a thug ar an Aontas an Comhaontú um Éascú a thabhairt i gcrích ar an gcéad dul síos.

Sa chomhthéacs sin, measann an Coimisiún gurb é an chéim is iomchuí agus is comhréirí airteagail áirithe den Chomhaontú um Eisiúint Víosaí a Éascú lena dtugtar cabhair do chatagóirí sonracha áirithe iarratasóirí a chur ar fionraí, gan an sásra fionraíochta a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/1806 a ghníomhachtú ag an gcéim seo.

Is iad seo a leanas catagóirí na n-iarratasóirí ar cheart forálacha ábhartha an Chomhaontaithe um Eisiúint Víosaí a Éascú a chur ar fionraí ina leith:

– comhaltaí thoscaireachtaí oifigiúla na Seoirsia a ghlacfadh páirt, tar éis cuireadh oifigiúil a chur chuig an tSeoirsia, i gcruinnithe oifigiúla, i gcomhairliúcháin, in idirbheartaíocht nó i gcláir mhalartaithe, agus in imeachtaí arna reáchtáil ag eagraíochtaí idir-rialtasacha ar chríoch ceann de na Ballstáit;
– comhaltaí de Rialtais agus de Pharlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha na Seoirsia, de Chúirt Bhunreachtúil agus de Chúirt Uachtarach na Seoirsia;
– saoránaigh de chuid na Seoirsia a bhfuil pasanna taidhleoireachta bailí acu arna n-eisiúint ag an tSeoirsia.

Níor cheart, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm na nAirteagal seo a leanas den Chomhaontú um Eisiúint Víosaí a Éascú a chur ar fionraí ach amháin i ndáil leis na catagóirí iarratasóirí sin: Airteagal 4(1), pointe (b) maidir le 'Fianaise dhoiciméadach maidir le cuspóir an turais', Airteagal 5(1), pointí (b) agus (c), Airteagal 5(2), pointe (a) agus Airteagal 5(3) maidir le 'Eisiúint víosaí il-iontrála', Airteagal 6(1) agus Airteagal 6(3), pointí (c) agus (f) maidir le 'Táillí ar iarratais ar víosaí a phróiseáil', Airteagal 7 maidir le 'Fad an nós imeachta chun iarratais ar víosaí a phróiseáil' agus Airteagal 10(1) maidir le 'Pasanna taidhleoireachta'.

A luaithe a thiocfaidh an Cinneadh ón gComhairle i bhfeidhm, scoirfidh na rialacha sonracha dá bhforáiltear leis na forálacha sin d'fheidhm a bheith acu. Ní chuirtear Airteagail eile an Chomhaontaithe ar fionraí.

Ós rud é go liostaítear an tSeoirsia in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806 agus, dá bhrí sin, go mbaineann náisiúnaigh uile na Seoirsia tairbhe as an díolúine ón gceanglas víosa a eascraíonn as reachtaíocht thánaisteach an Aontais, chun go mbeidh sí éifeachtach, ba cheart bearta atá le déanamh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 6(1), pointe (a) den Rialachán sin a bheith ag gabháil le fionraíocht pháirteach an Chomhaontaithe um Eisiúint Víosaí a Éascú.

Bunaítear le hAirteagal 6(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1806 go bhféadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón díolúine ón gceanglas víosa a mhéid a bhaineann le sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse/oifigiúla nó pasanna speisialta. Dá bhrí sin, a luaithe a thiocfaidh an Cinneadh ón gComhairle i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, na bearta is gá a dhéanamh ina n-ord inmheánach chun ceanglas víosa a chur i bhfeidhm do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse/oifigiúla agus pasanna speisialta arna n-eisiúint ag an tSeoirsia agus fógra a thabhairt faoi na bearta sin do na Ballstáit eile agus don Choimisiún de bhun Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2018/1806. Eiseoidh an Coimisiún Treoirlínte lena n-iarrfar ar na Ballstáit na bearta sin a dhéanamh.

Tar éis na mbeart arna ndéanamh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 6(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1806, beidh feidhm ag rialacha ginearálta Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí)[9]maidir leis na daoine lena mbaineann.

Ní bheadh tionchar diúltach ag an gCinneadh seo ar theagmhálacha duine le duine, toisc go leanfaidh náisiúnaigh na Seoirsia, ar sealbhóirí gnáthphasanna iad, de thairbhe a bhaint as an díolúine ón gceanglas víosa agus iad ag taisteal chuig an Aontas le haghaidh gearrfhanachtaí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach agus comhlántach le Rialachán (AE) 2018/1806, ina liostaítear an tSeoirsia i measc na dtíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas víosa ach lena gceadaítear do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón díolúine sin i ndáil le sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse/oifigiúla nó pasanna speisialta.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le caidreamh seachtrach an Aontais (lena n-áirítear breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha) agus le beartas an Aontais um méadú, a mhéid a bhaineann le tríú tíortha a bhfuil córas taistil gan víosa acu agus ionchais aontachais acu.

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le beartais an Aontais maidir le himirce, bainistiú teorainneacha agus slándáil, toisc gurb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar rioscaí slándála agus imirce neamhrialta do limistéar Schengen.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí nós imeachta don togra seo. Is é Airteagal 77(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí substainteach don togra seo.

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le

[9] Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

cur i bhfeidhm roinnt forálacha den Chomhaontú um Éascú a chur ar fionraí go páirteach agus, dá bhrí sin, tagann siad faoi raon feidhme an chomhbheartais maidir le víosaí.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 77(2)(a) CFAE an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

neamhbhainteach

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach, is é sin an oibleagáid atá ar an Aontas agus ar a Bhallstáit éascú áirithe a dheonú d'oifigigh na Seoirsia agus do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta arna n-eisiúint ag an tSeoirsia a chur ar fionraí, agus cead a thabhairt do na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhféidearthacht ceanglas víosa a athbhunú do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta arna n-eisiúint ag an tSeoirsia.

- **An rogha ionstraime**

Ní féidir cuspóirí an togra seo a bhaint amach ach amháin trí ghníomh lena gcuirtear cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Eisiúint Víosaí a Éascú ar fionraí. Dá bhrí sin, tá gá le cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear an Comhaontú um Eisiúint Víosaí a Éascú ar fionraí.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cúlú daonlathach na Seoirsia, lena n-áirítear glacadh an 'Dlí maidir le trédhearcacht an tionchair eachtraigh' i mí na Bealtaine 2024 agus glacadh an phacáiste reachtaigh maidir le luachanna teaghlaigh agus cosaint mionaoiseach i mí Mheán Fómhair 2024, chomh maith le stiúradh na dtoghchán parlaiminteach i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus cur faoi chois foréigneach na n-agóidí i mí na Nollag 2024, pléadh an méid sin roinnt uaireanta sa Choiste Polaitiúil agus Slándála agus sa Chomhairle Gnóthaí Eachtracha. Bhí malartú tuairimí sa Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 16 Nollaig 2024 maidir le freagairt an Aontais ar na forbairtí is déanaí sa tSeoirsia, lena n-áirítear an fógra ón rialtas go bhfuil sé ar intinn aige gan tús a chur le caibidlíocht aontachais go dtí 2028, na hollagóidí ina dhiaidh sin, agus na gníomhartha foréigin i gcoinne agóideoirí, na meán agus an fhreasúra pholaitiúil atá ag dul i méid. Chuir an tArdionadaí i bhfios go láidir go bhfuil an tAontas tar éis teagmhálacha polaitiúla a íosghrádú agus cúnamh a laghdú a théann chun tairbhe go díreach d'údaráis na Seoirsia, agus d'fhógair sé go raibh comhaontú ann chun iarraidh ar an gCoimisiún togra a chur ar aghaidh chun ceanglais víosa a thabhairt isteach arís do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta na Seoirsia.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Ní bheidh aon tionchar diúltach ag an togra seo ar chosaint na gceart bunúsach san Aontas Eorpach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go dtabharfar an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 14(5) den Chomhaontú um Éascú thar ceann an Aontais, chun toiliú an Aontais an Comhaontú a chur ar fionraí go páirteach a chur in iúl.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Chomhaontú lena bhforáiltear d'éascú do chatagóirí áirithe saoránach de chuid na Seoirsia a dhéanann iarratas ar víosa ghearrfhanachta, is iad sin comhaltaí de thoscaireachtaí oifigiúla na Seoirsia, comhaltaí de Rialtais agus de Pharlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha na Seoirsia, comhaltaí de Chúirt Bhunreachtúil agus de Chúirt Uachtarach na Seoirsia, i bhfeidhmiú a ndualgas, agus saoránaigh na Seoirsia a bhfuil pasanna taidhleoireachta bailí acu, foráiltear le hAirteagal 1 den togra gur cheart na forálacha sin a chur ar fionraí. Baineann na forálacha sin leis na nithe seo a leanas: Airteagal 4(1), pointe (b) maidir le 'Fianaise dhoiciméadach maidir le cuspóir an turais', Airteagal 5(1), pointí (b) agus (c), Airteagal 5(2), pointe (a) agus Airteagal 5(3) maidir le 'Eisiúint víosaí il-iontrála', Airteagal 6(1) agus Airteagal 6(3), pointí (c) agus (f) maidir le 'Táillí ar iarratais ar víosaí a phróiseáil', Airteagal 7 maidir le 'Fad an nós imeachta chun iarratais ar víosaí a phróiseáil' agus Airteagal 10(1) maidir le 'Pasanna taidhleoireachta'.

A luaithe a ghlacfar é, glacfaidh an Coimisiún treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo agus maidir leis na bearta comhlántacha ba cheart do na Ballstáit a dhéanamh de bhun Airteagal 6(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1806.

2024/0329 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena ndéantar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia maidir le heisiúint víosaí a éascú a chur ar fionraí go páirteach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointe (a), agus Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia maidir le heisiúint víosaí a éascú, (‘an Comhaontú um Éascú’) i bhfeidhm an 1 Márta 2011.

(2) Is é is cuspóir don Chomhaontú um Éascú eisiúint na víosaí chuig saoránaigh an Aontais agus na Seoirsia a éascú, ar bhonn na cómhalartachta, i gcás tréimhse fanachta atá beartaithe le haghaidh tréimhse nach faide ná 90 lá i rith aon tréimhse 180 lá. Leis an gComhaontú um Éascú, rannchuidítear le teagmhálacha duine le duine a fheabhsú agus le luachanna a chomhroinnt, lena n-áirítear urramú do chearta an duine agus do phrionsabail dhaonlathacha.

(3) Faoi Airteagal 14(5) den Chomhaontú um Éascú, féadfaidh gach Páirtí an Comhaontú a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach ar chúiseanna a bhaineann leis an ord poiblí, le cosaint na slándála náisiúnta nó le cosaint na sláinte poiblí. 48 n-uair ar a dhéanaí tar éis a theacht i bhfeidhm is ea a thabharfar fógra don Pháirtí eile maidir leis an gcinneadh fionraíochta. An Páirtí a chuir an Comhaontú um Éascú ar fionraí, is é a cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas láithreach a thúisce a bheidh deireadh feidhme le cúiseanna na bhfionraí.

(4) In 2024 ghlac an tSeoirsia an ‘Dlí maidir le trédhearcacht an tionchair eachtraigh’ agus an pacáiste reachtach maidir le ‘luachanna teaghlaigh agus cosaint mionaoiseach’. Leis an reachtaíocht sin, baintear an bonn de chearta bunúsacha shaoránaigh na Seoirsia, lena n-áirítear an tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an ceart chun príobháideachais, an ceart chun páirt a ghlacadh i ngnóthaí poiblí, agus méadaítear an stiogmatú agus an t-idirdhealú leis.

(5) Chuir an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir sna conclúidí uaithi an 27 Meitheamh 2024 gurb ionann an ‘Dlí maidir le trédhearcacht an tionchair eachtraigh’ agus cúlú ar na céimeanna a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún maidir le stádas mar iarrthóir agus d’iarr sí ar údaráis na Seoirsia a bhfuil ar intinn acu a shoiléiriú tríd a bhfuil déanta acu, nach ndéanann ach amhras a chaitheamh ar dhul chun cinn na Seoirsia ar a conair i dtreo an Aontais, agus a chuireann stop *de facto* leis an bpróiseas aontachais, a aisiompú. Sna conclúidí uaithi an 17 Deireadh Fómhair 2024, d’athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go gcuirfeadh gníomhaíocht den sórt sin conair Eorpach na Seoirsia i mbaol agus go gcuirfeadh sí stop *de facto* leis an bpróiseas aontachais, agus

d’iarr sí ar an tSeoirsia athchóirithe daonlathacha cuimsitheacha inbhuanaithe a ghlacadh, i gcomhréir le croíphrionsabail an lánpháirtithe Eorpaigh.

(6) An 28 Samhain 2024, d’fhógair údaráis na Seoirsia go raibh sé ar intinn acu gan tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Aontas Eorpach go dtí 2028. Spreag an fógra sin ollagóidí in go leor cathracha sa tSeoirsia, ar fhreagair údaráis na Seoirsia dóibh trí fhorneart díréireach agus modhanna foréigneacha a úsáid chomh maith le gabhálacha treallacha agus drochíde a thabhairt d’agóideoirí, do pholaiteoirí agus d’iriseoirí.

(7) Na gníomhartha atá á ndéanamh ag an tSeoirsia, is sárú iad ar na prionsabail bhunúsacha ar ar tugadh an Comhaontú um Éascú i gcrích, agus téann siad in aghaidh leasanna an Aontais agus a Bhallstát. Go háirithe, ní urramaíonn na gníomhaíochtaí sin cearta an duine agus prionsabail dhaonlathacha agus dá bhrí sin tá siad ag teacht salach ar luachanna an Aontais agus cuireann siad bac ar fhorbairt sheasta nasc eacnamaíoch, daonnúil, cultúrtha, eolaíoch agus eile idir an tAontas agus an tSeoirsia.

(8) I bhfianaise an mhéid sin, sa 7ú Tuarascáil ón gCoimisiún faoin Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí[10], leagadh béim ar na bearta atá le déanamh go práinneach ag an tSeoirsia chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní an Choimisiúin agus tugadh faoi deara go bhfuil machnamh leanúnach á dhéanamh ar ghníomhachtú féideartha an tsásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí i ndáil le catagóirí áirithe daoine.

(9) Chun ord poiblí na mBallstát agus an Aontais a chosaint, is iomchuí agus is comhréireach go gceanglóidh na Ballstáit víosa ar shaoránaigh de chuid na Seoirsia a bhfuil pasanna taidhleoireachta bailí acu agus a thaistealaíonn chuig an Aontas Eorpach, ós rud é go ndéanann na daoine sin ionadaíocht ar leasanna atá contrártha leis na leasanna sin a thug ar an Aontas an Comhaontú um Éascú a thabhairt i gcrích ar an gcéad dul síos. Dá bhrí sin, maidir le forálacha áirithe den Chomhaontú um Éascú lena bhforáiltear do dhíolúintí do shaoránaigh na Seoirsia a bhfuil pasanna taidhleoireachta bailí acu agus d’éascú do chatagóirí áirithe saoránach de chuid na Seoirsia a dhéanann iarratas ar víosa ghearrfhanachta, is iad sin comhaltaí de thoscaireachtaí oifigiúla na Seoirsia, comhaltaí de Rialtais agus de Pharlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha na Seoirsia, comhaltaí de Chúirt Bhunreachtúil agus de Chúirt Uachtarach na Seoirsia, agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu, ba cheart na forálacha sin a chur ar fionraí.

(10) Is éard atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[11]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(12) I bhfianaise thromchúis na staide sa tSeoirsia, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

---

[10] COM/2024/571 final.

[11] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar cur i bhfeidhm na bhforálacha seo a leanas den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an tSeoirsia maidir le heisiúint víosaí a éascú a chur ar fionraí:

(a) Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le comhaltaí thoscaireachtaí oifigiúla Chónaidhm na Rúise atá le páirt a ghlacadh, tar éis cuireadh oifigiúil a seoladh chuig an tSeoirsia, i gcruinnithe oifigiúla, i gcomhairliúcháin, i gcaibidlíocht nó i gcláir mhalartaithe, agus in imeachtaí a reáchtálfaidh eagraíochtaí idir-rialtasacha ar chríoch na mBallstát;

(b) Airteagal 5(1), pointe (b), maidir le comhaltaí de rialtais náisiúnta agus réigiúnacha na Seoirsia, de Chúirt Bhunreachtúil na Seoirsia agus de Chúirt Uachtarach na Seoirsia;

(c) Airteagal 5(1), pointe (c), maidir le comhaltaí thoscaireachtaí oifigiúla na Seoirsia atá le páirt a ghlacadh, tar éis cuireadh oifigiúil a seoladh chuig an tSeoirsia, i gcruinnithe oifigiúla, i gcomhairliúcháin, i gcaibidlíocht nó i gcláir mhalartaithe, agus in imeachtaí a reáchtálfaidh eagraíochtaí idir-rialtasacha ar chríoch na mBallstát;

(d) Airteagal 5(2), pointe (a), maidir le comhaltaí thoscaireachtaí oifigiúla na Seoirsia atá le páirt a ghlacadh, tar éis cuireadh oifigiúil a seoladh chuig an tSeoirsia, i gcruinnithe oifigiúla, i gcomhairliúcháin, i gcaibidlíocht nó i gcláir mhalartaithe, agus in imeachtaí a reáchtálfaidh eagraíochtaí idir-rialtasacha ar chríoch na mBallstát;

(e) Airteagal 5(3), maidir leis na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a);

(f) Airteagal 6(3), pointí (c) agus (f), maidir le comhaltaí de rialtais náisiúnta agus réigiúnacha na Seoirsia, agus comhaltaí de Chúirt Bhunreachtúil agus de Chúirt Uachtarach na Seoirsia, agus comhaltaí thoscaireachtaí oifigiúla na Seoirsia atá le páirt a ghlacadh, tar éis cuireadh oifigiúil a seoladh chuig an tSeoirsia, i gcruinnithe oifigiúla, i gcomhairliúcháin, i gcaibidlíocht nó i gcláir mhalartaithe, agus in imeachtaí a reáchtálfaidh eagraíochtaí idir-rialtasacha ar chríoch na mBallstát;

(g) Airteagal 10(1), maidir le saoránaigh de chuid na Seoirsia a bhfuil pasanna taidhleoireachta bailí acu arna n-eisiúint ag an tSeoirsia.

(h) Airteagal 6(1), maidir le táillí ar iarratais ar víosaí a phróiseáil le haghaidh chatagóirí na saoránach agus na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 6(3), pointí (c) agus (f) agus Airteagal 10(1).

(i) Airteagal 7, maidir le catagóirí na saoránach agus na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 6(3), pointí (c) agus (f) agus Airteagal 10(1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dara lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*